C/2024/6788

7.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11515 – VEOLIA ENVIRONNEMENT / UNIPER HUNGARY ENERGETIKAI)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6788)

1. An 30 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Veolia Invest Hungary Zrt. ('Veolia Hungary', an Ungáir),faoi rialú Veolia Environnement S.A. ('Veolia', an Fhrainc),

— Uniper Hungary Energetikai Kft. ('Uniper Hungary', an Ungáir), faoi rialú Uniper SE ('Uniper', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Veolia Hungary rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Uniper Hungary ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Veolia Hungary réitigh bainistithe uisce, dramhaíola agus fuinnimh san Ungáir, agus oibríonn sí gléasraí cumhachta i ndeich suíomh go háirithe. Tá Veolia, mar an mháthairchuideachta deiridh, gníomhach ar fud an domhain i mbainistiú uisce, dramhaíola agus fuinnimh.

— Is le Uniper Hungary gléasra cumhachta Gönyű agus oibríonn sé é, ar gléasra cumhachta gástuirbín comh-thimthrialla é atá lonnaithe sa chuid thiar thuaidh den Ungáir, agus a bhfuil toilleadh suiteáilte 428 MW aige.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11515 – VEOLIA ENVIRONNEMENT / UNIPER HUNGARY ENERGETIKAI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').